2025/2381

24.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2381 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2025

lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ([1]) ('an Comhaontú').

(2) Is chun leas an Aontais é páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht atá le teacht a thionólfar i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('Comhairle na gComhaltaí'), chun an Comhaontú a leasú i bhfianaise a thábhachtaí atá an earnáil sin le haghaidh gheilleagar an Aontais. Ba cheart creat institiúideach an Chomhaontaithe a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuid dá chuspóirí, leis an nós imeachta chun ranníocaíochtaí na gComhaltaí a shocrú agus leis an nós imeachta chun leasuithe ar an gComhaontú a ghlacadh.

(3) De bhun Airteagal 32 den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle na gComhaltaí cinntí a ghlacadh lena leasófar an Comhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht chun an Comhaontú maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 a leasú.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i ndlúthchomhar leis an Meitheal um Thráchtearraí (PROBA).

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

([1]) IO L 293, 28.10.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/1892/oj.